

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Bileog Eolais

## Conas Tuarascáil Chreidmheasa a Iarraidh le Toiliú an Iasachtaí

www.centralcreditregister.ie/ga/

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

## Cé air a bhfuil an doiciméad seo dírithe?

Tá an doiciméad seo dírithe ar thríú páirtithe a iarrfaidh Tuarascáil Chreidmheasa le toiliú an iasachtaí. Folaíonn tríú páirtí:

1. Duine a bheidh ag gníomhú i gcáil neamhghairmiúil nó i gcáil neamhchomhairleach - cara, gaol nó céile, mar shampla.
2. Duine a bheidh ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil chomhairleach - comhairleoir airgeadais, mar shampla.
3. Gnólacht a bheidh ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil chomhairleach - cuntasóirí nó aturnaetha, mar shampla.

## Cúlra an Phríomh-Chláir Creidmheasa

Is éard atá sa Phríomh-Chlár Creidmheasa (an Clár) córas chun faisnéis phearsanta agus chreidmheasa maidir le hiasachtaí a bhailiú. Bíonn sé á oibriú ag Banc Ceannais na hÉireann faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

Cuireann an Príomh-Chlár Creidmheasa le cobhsaíocht airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí ar na bealaí seo a leanas:

- Cuireann sé anailís níos fearr ar fáil d'iasachtóirí maidir le hacmhainneacht creidmheasa iasachtaithe;
- tugann sé faisnéis d'iasachtaithe maidir lena bpróifíl airgeadais;
- tacaíonn sé le ról an Bhainc Ceannais maidir leis an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus maidir le cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

## Cé leis an fhaisnéis seo?

Is leis an Banc Ceannais an fhaisnéis a choinneofar ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Is rialaitheoir sonraí é an Banc Ceannais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Aon fhaisnéis a tharchuirfidh iasachtóirí chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa, úsáidfear í chun tuarascálacha creidmheasa aonair a chruthú. Féadfaidh go gcuideoidh tuarascáil chreidmheasa le hiasachtóirí nuair a bheidh cinntí á ndéanamh acu maidir le hiasachtaí

nó maidir le hiarratais ar iasachtaí. Tá tuilleadh faisnéise maidir le bailiú agus úsáid sonraí pearsanta ar fáil ar centralcreditregister.ie.

Ar an leathanach gréasáin sin, tá nasc chuig Fógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí.

## An gá dom toiliú an iasachtaí a fháil chun rochtain a fháil ar thuarascáil chreidmheasa?

De réir dlí, is gá duit toiliú an iasachtaí a fháil sular féidir leat tuarascáil chreidmheasa an iasachtaí sin a iarraidh (Alt 15(6) den Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013).

Chun a chinntiú go bhfuil na cearta um chosaint sonraí á gcosaint agus chun rochtain a fháil ar thuarascáil chreidmheasa, ní mór duitse, mar iarrthóir tríú páirtí, an méid seo a leanas a sholáthar:

1. Doiciméid aitheantais an iasachtaí;
2. Do chuid doiciméad aitheantais féin;
3. Foirm iarratais arna síniú ag an iasachtaí - foscríbhinn 1; agus
4. Dearbhú tola arna shíniú ag an iasachtaí - foscríbhinn 2.

## Cén fhaisnéis a bheidh de dhíth orm maidir leis an iasachtaí?

Mar thríú páirtí, is gá duit cóipeanna de dhoiciméid a sholáthar chun na trí ní seo a leanas a chruthú:

**1. Céannacht an iasachtaí**
Beidh aon cheann de na doiciméid seo a leanas inghlactha (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha)

- an leathanach aitheantais agus sínithe de phas an iasachtaí; nó
- an taobh aitheantais de cheadúnas tiomána AE an iasachtaí.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na trí leathanach ar fáil.

**2. Seoladh an iasachtaí**
Beidh ceann de na doiciméid seo a leanas inghlactha (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha)fad nach mbeidh sé níos sine ná 6 mhí:

- bille fóntais nó bille líne thalún;
- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe chuig an iasachtaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe chuig an iasachtaí ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
- litir a bheidh dírithe chuig an iasachtaí ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

**3. Uimhir PSP**
Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas ar a dtaispeántar do **UPSP IOMLÁN**. **Tá 7 n-uimhir mar aon le 1 nó 2 litir san UPSP.** Tabhair faoi deara le do thoil gur gá go mbeidh an téarma "UPSP" le feiceáil go soiléir ar dhoiciméad a úsáidfear mar chruthúnas ar UPSP.

- Cárta Seirbhísí Poiblí - an dá thaobh (éadan agus cúl)
- Cárta leighis
- Cárta don Scéim Íocaíochta Drugaí
- Comhfhreagras a bheidh dírithe chugat ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim
- Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach
- Duillín pá, nó Achoimre Sonraí Fostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Is féidir an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte arna eisiúint ag Rialtas na hÉireann a úsáid freisin i gcás gurb é an *Uimhir Aitheantais Phearsanta* do UPSP

Féach ár Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí ag centralcreditregister.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi ina bpróiseáltar do chuid faisnéise pearsanta.

I gcás iarratas poist, íoslódáil foirm iarratais ag https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/iarratas-a-chur-isteach-agus-do-chearta-eile/iarratais-poist/ nó déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie.

## Cén cruthúnas a bheidh ag teastáil ar chéannacht tríú páirtí?

Ní mór don tríú páirtí cruthúnas ar a chéannacht/céannacht a sholáthar. Tá trí chineál tríú páirtí ann agus míneoimid thíos na ceanglais a bhaineann le gach ceann díobh.

Cineál 1: Duine aonair a bheidh ag gníomhú i gcáil neamhghairmiúil nó i gcáil neamhchomhairleach

Má tá tú san aicme seo, ní mór duit na doiciméid seo a leanas a sholáthar:

1. Céannacht tríú páirtí

Beidh aon cheann de na doiciméid seo a leanas inghlactha (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- an leathanach aitheantais agus sínithe de do phas; nó
- an taobh aitheantais de do cheadúnas tiomána AE.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na trí leathanach ar fáil.

2. Seoladh tríú páirtí

Beidh ceann de na cúig dhoiciméad seo a leanas inghlactha (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- bille fóntais nó bille líne thalún;
- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe chugat ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe chugat ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáit eile; nó
- litir a bheidh dírithe chugat ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

Cineál 2: Duine aonair a bheidh ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil chomhairleach

Má tá tú san aicme seo, ní mór duit cóip de cheann de na doiciméid aitheantais atá liostaithe i bpointe 1 thuas a sholáthar, mar aon le cóip de do pháipéar ceannteidil ar a dtaispeánfar seoladh na hoifige cláraithe agus dearbhú maidir lena stádas rialála, más ann.

Cineál 3: Gnólacht a bheidh ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil chomhairleach

Más gnólacht tú a bheidh ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil chomhairleach, ní mór do do ghnólacht cóipeanna de na nithe seo a leanas a sholáthar

do pháipéar ceannteidil, ar a dtaispeánfar seoladh oifig chláraithe do chuideachta agus

dearbhú maidir le stádas rialála, más ann.

Cibé cineál tríú páirtí tú, déan cinnte:

- go gcuireann tú cóipeanna seachas doiciméid bunaidh chugainn má tá siad á gcur sa phost agat;
- go bhfuil cóipeanna d'aon doiciméid uaslódáilte nó de dhoiciméid scanta inléite.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcoinneoimid go ceann tréimhse cúig bliana an fhaisnéis phearsanta a sholáthróidh tú mar chruthúnas ar do chéannacht mar thríú páirtí. Ina dhiaidh sin, déanfar í a scriosadh nó, más cóip chrua atá inti, déanfar í a scriosadh ar mhodh slán.

## Tuilleadh Eolais

Idirlíon: www.centralcreditregister.ie/ga/
Ríomhphost: myrequest@centralcreditregister.ie
Líne Thalún: 01 224 5500

Lúnasa 2024

Foscríbhinn 1

# Foirm Iarratais chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa

Comhlánaigh codanna 1 agus 2 den fhoirm seo agus léigh cuid 3 go cúramach. Ná dearmad an fhoirm iarratais a shíniú agus a dhátú. Déan an fhoirm chomhlánaithe, shínithe agus na doiciméid aitheantais a chur chuig an seoladh atá ar an bhfoirm iarratais.

## Cuid 1: Sonraí an Iasachtaí

Céadainm: Dara hainm: Sloinne:

Sloinne roimh phósadh: Dáta breithe: Inscne:

UPSP: Uimhir Aitheantais Chánach:

Príomhsheoladh:

Seoladh eile:

## Cuid 2: Cineál iarratais agus modh freagartha roghnaithe

Cineál iarratais: Tuarascáil Chreidmheasa

Seolfar an fhreagairt: Leis an ríomhphost nó leis an bpost (ciorclaigh de réir mar is cuí)

Chuig an seoladh seo:

## Cuid 3: Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

An Príomh-Chlár Creidmheasa - Beartas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

Sa bheartas príobháideachais seo, tugtar faisnéis maidir leis na bealaí ina bpróiseálann an Príomh-Chlár Creidmheasa agus Banc Ceannais na hÉireann sonraí pearsanta a thugann iasachtóirí dó i dtaca le hiarratais ar iasachtaí agus le comhaontuithe iasachta de €500 nó níos mó.

Chun críocha na reachtaíochta um chosaint sonraí, is é Banc Ceannais na hÉireann, Sráid Wapping Nua, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, an rialaitheoir sonraí do shonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Phríomh-Chlár Creidmheasa. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh sin nó ag dataprotection@centralbank.ie

An fhaisnéis go léir a bhíonn á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, stóráiltear laistigh den Aontas Eorpach í. Má dhéanann iasachtaí atá lasmuigh den Aontas Eorpach iarratas ar thuarascáil chreidmheasa, freagróimid mar a threoróidh an t-iasachtaí.

Bhunaigh an Banc Ceannais an Príomh-Chlár Creidmheasa faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013 (an tAcht). Is ionann an Príomh-Chlár Creidmheasa agus bunachar sonraí éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa. Rinne an Banc Ceannais conradh le CRIF Ireland Ltd., Adelphi Plaza, Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (fochuideachta CRIF S.p.A ar lánúinéireacht) chun an Príomh-Chlár Creidmheasa a oibriú. Is é CRIF próiseálaí sonraí an Bhainc Ceannais.

Faisnéis phearsanta a bhailiú agus a úsáid

Faoin Acht, tá oibleagáid ar iasachtóirí faisnéis chreidmheasa agus phearsanta maidir le hiasachtaithe aonair a thíolacadh don Phríomh-Chlár Creidmheasa. Folaíonn faisnéis phearsanta an méid seo a leanas:

(a) ainm
(b) dáta breithe
(c) inscne
(d) seoladh reatha agus seoltaí roimhe seo
(e) uimhir ghutháin
(f) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PPSN)

Tá an fhaisnéis seo ag teastáil chun go bhféadfar iasachtaithe a shainaithint i gceart agus a gcuid iasachtaí a mheaitseáil leo, lena n-áirítear iasachtaí a bheidh acu le hiasachtóirí éagsúla. Déantar an t-eolas seo a stóráil go sábháilte ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus ní dhéanfar é a scaoileadh ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh iasachtóir nó iasachtaí lena mbaineann rochtain ar an eolas sin; nó i gcás ina dtoileoidh an t-iasachtaí lena mbaineann go scaoilfear an t-eolas seo le duine eile; nó mar a fhoráiltear faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó mar a cheanglaítear nó a cheadaítear de réir dlí nó de réir aon reachtaíochta eile lena mbaineann. Féadfaidh an Banc Ceannais faisnéis a aistriú chuig

gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach déanamh amhlaidh.

Coinnítear sonraí pearsanta maidir le comhaontú creidmheasa ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa go ceann tréimhse 5 bliana. Tosóidh an tréimhse 5 bliana seo ó dháta na haisíocaíochta deiridh ar an iasacht lena mbaineann. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh an Banc Ceannais an fhaisnéis chun go mbeidh sé ábalta próifíl chreidmheasa chruinn a chur ar fáil maidir le hiasachtaí. Tá an fhaisnéis seo le fáil i do thuarascáil chreidmheasa.

Chomh maith leis sin, tá faisnéis i dtuarascáil chreidmheasa maidir le haon iarratais ar chreidmheas arna ndéanamh ag iasachtaí, amhail cineál na hiasachta agus an méid atá á iarraidh. Coinneofar faisnéis maidir le hiarratais ar chreidmheas go ceann tréimhse sé mhí.

Beidh lorg i dtuarascáil chreidmheasa freisin. Is ionann lorg agus taifead de na dátaí go léir ar ar iarradh tuarascáil chreidmheasa, de chineál agus de chuspóir an fhiosraithe, agus de na dreamanna a d’iarr an tuarascáil.

Féadfaidh an Banc Ceannais úsáid a bhaint as aon fhaisnéis a bheidh á coinneáil faoi ainm bréige ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh.

Maidir leis an bhfaisnéis atá á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, cuireann sí le cobhsaíocht airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí trí léargas níos fearr a thabhairt don Bhanc Ceannais ar ghníomhaíocht margaí airgeadais agus trí thacú le ról an Bhainc Ceannais maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil airgeadais.

Aon fhaisnéis phearsanta a aistreofar ón bPríomh-Chlár Creidmheasa chuig an mBanc Ceannais, is faoi ainm bréige amháin a chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.

Do chearta

Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, tá na cearta seo a leanas ag iasachtaithe i ndáil le faisnéis atá á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa:

- ceart chun ráiteas míniúcháin a chur isteach i do thuarascáil chreidmheasa;
- ceart chun iarratas a dhéanamh chun faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó faisnéis nach bhfuil cothrom le dáta a cheartú;
- ceart chun pearsanú amhrasta a thuairisciú;
- ceart chun cóip de do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh.

Tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na cearta ar www.centralcreditregister.ie Chun do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh nó chun tuarascáil chreidmheasa a iarraidh thar ceann duine éigin eile, ní mór duit doiciméid aitheantais a chur ar fáil.

Faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, tá an ceart ag iasachtaithe rochtain a fháil ar shonraí pearsanta fúthu a bheidh á gcoinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus chun iarratas a dhéanamh chun faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó faisnéis nach bhfuil cothrom le dáta a cheartú. Tá an ceart ag iasachtaithe freisin a iarraidh go

ndéanfar rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh fad a bheidh breithniú á dhéanamh ag an bPríomh-Chlár Creidmheasa ar leasú a bheidh iarrtha ag an iasachtaí sin.

Ceisteanna agus gearáin

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar myrequest@centralcreditregister.ie nó ar an bhfón ag 01 2245500..

Síniú:____________________________ Dáta: ______________________

Síniú an Iasachtaí: :______________ Data: __/__/__/

## Cuid 4: Seicliosta

1. Tá an Dearbhú i gCuid 3 sínithe ag an iasachtaí. ☐

2. Tá Doiciméid Aitheantais an iasachtaí ar áireamh. Baineann siad seo le:

   - Céannacht an iasachtaí ☐
   - Seoladh an iasachtaí ☐
   - Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) de chuid an iasachtaí ☐

3. Tá an fhoirm iarratais sínithe ag an iasachtaí. ☐

Déan an fhoirm iarratais shínithe a sheoladh ar ais i dteannta leis na doiciméid aitheantais:

Leis an ríomhphost chuig:
myrequest@centralcreditregister.ie

nó

Leis an bpost chuig:

An Príomh-Chlár Creidmheasa,
Adelphi Plaza,
Sráid Sheoirse Uachtarach,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath.

## Foscríbhinn 2

Dearbhú Tola

An Príomh-Chlár Creidmheasa
Adelphi Plaza,
Sráid Sheoirse Uachtarach,
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath.

Dáta

Toilímse, [*ainm an iasachtaí*], [*seoladh reatha agus aon seoltaí ábhartha roimhe seo*], leis seo go ndéanfaidh [*ainm an tríú páirtí]*, [*seoladh an tríú páirtí**], iarratas ar mo thuarascáil chreidmheasa.

Toilím freisin go gcuirfidh [*ainm an tríú páirtí*] na doiciméid seo a leanas ar fáil don Phríomh-Chlár Creidmheasa thar mo cheannsa chun mo chéannacht a fhíorú:

- Foirm iarratais shínithe, chomhlánaithe ar mo thuarascáil chreidmheasa; agus
- Cóipeanna de mo chuid doiciméad aitheantais ar a dtaispeánfar cruthúnas ar mo chéannacht, ar mo sheoladh agus ar UPSP.

Tuigim go gcaithfidh [*ainm an tríú páirtí*] cruthúnas ar a chéannacht/céannacht a sholáthar (más duine aonair é nó í). [Ní mór dóibh] seoladh a thabhairt don Phríomh-Chlár Creidmheasa freisin mar aon le dearbhú ar a stádas rialála, más ann, d'fhonn iarratas a dhéanamh ar mo thuarascáil chreidmheasa.

Cuir mo thuarascáil chreidmheasa chugamsa, le do thoil, nó chuig [ainm an tríú páirtí] ag an seoladh atá tugtha agam thuas nó ag [seoladh an tríú páirtí**].

Síniú

An tIasachtaí

**Caithfidh an seoladh chuig a seolfar an tuarascáil chreidmheasa bheith mar an gcéanna leis an seoladh a thaispeántar ag * thuas.